**Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Teimpléad Measúnaithe Riosca**

**Ráiteas um Chumhdach Leanaí**

Is bunscoil é **<u>Gaelscoil Riada</u>** a sholáthraíonn oideachas bunscoile do dhaltaí ó na Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé.

De réir cheanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017, an Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) agus Treoir Tusla maidir leis na Ráitis um Chumhdach Leanaí a ullmhú, chomhaontaigh Bord Bainistíochta [cuir isteach ainm na scoile] an Ráiteas um Chumhdach Leanaí atá leagtha amach sa doiciméad seo.

1 Tá an Bord Bainistíochta tar éis Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) na Roinne a ghlacadh agus déanfaidh sé iad a chur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú mar chuid den Ráiteas foriomlán um Chumhdach Leanaí

2 Is í **Maeve Ní Fhlaithearta** an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)

3 Is í **Elaine Ní Dhónaill** an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)

4 Is í **Maeve Ní Fhlaithearta** an Duine Ábhartha
*(Duine ábhartha is ea an duine ar féidir leis/léi eolas a sholáthar maidir leis an mbealach ar forbraíodh an ráiteas um chumhdach leanaí agus a bheidh ábalta an ráiteas a sholáthar má iarrtar é. I suíomh scoile, is é an duine ábhartha an DIA.)*

5 Aithníonn an Bord Bainistíochta go mbaineann cúinsí cosanta agus leasa leanaí trí gach gné de shaol na scoile agus go gcaithfear iad a léiriú i mbeartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí uile na scoile. Comhlíonfaidh an scoil, ina cuid beartas, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí, na prionsabail a leanas maidir le dea-chleachtas i gcosaint agus leas leanaí:

Déanfaidh an scoil an méid a leanas:

- aithneoidh sí go bhfuil cosaint agus leas leanaí thar a bheith tábhachtach, beag beann ar gach breithniú eile;
- comhlíonfaidh sí go hiomlán a hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus comhlíonfaidh sí reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;
- comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha maidir le cosaint leanaí agus cúrsaí leasa;
- cleachtais shábháilte a ghlacadh chun an fhéidearthacht go dtarlódh díobháil nó timpistí do leanaí a íoslaghdú agus chun oibrithe a chosaint ar an ngá le rioscaí neamhriachtanacha a ghlacadh a d'fhéadfadh iad féin a fhágáil ar oscailt do chúiseamh mí-úsáide nó faillí;
- cleachtas oscailteachta a fhorbairt le tuismitheoirí agus rannpháirtíocht tuismitheoirí in oideachas a gcuid leanaí a spreagadh; agus
- urraim iomlán a bheith acu ar cheanglais rúndachta agus iad ag déileáil le cúrsaí maidir le cosaint leanaí.

Comhlíonfaidh an scoil na prionsabail thuas freisin maidir le haon scoláire fásta atá faoi leochail speisialta.

6 Aithníonn an Bord go bhfuil de dhualgas ag an scoil na beartaithe um Phlean Freagartha don vireas Covid 19 a chur i bhfeidhm sa scoil ón 30ú Lúnasa 2021 agus go bhfuil sé ríthábhachtach go bhfuil cosaint agus leasa leanaí léirithe i ngach gné den bheartas agus nósanna imeachta an Phlean.

7 Tá na nósanna imeachta/bearta seo a leanas i bhfeidhm:

- Maidir le haon bhall foirne atá faoi réir aon imscrúdaithe (cibé mar a thuairiscítear sin) maidir le haon ghníomh, neamhghníomh nó imthoisc i ndáil le leanbh atá ag freastal ar an scoil, comhlíonann an scoil na nósanna imeachta ábhartha atá leagtha amach i gCaibidil 7 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) agus comhlíonann an scoil na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe ábhartha d'fhoireann scoile atá foilsíthe ar shuíomh gréasáin gov.ie.

- Maidir le roghnú nó earcú foirne agus a n-oiriúnacht chun oibriú le leanaí, comhlíonann an scoil ceanglais reachtúla grinnfhiosrúcháin Achtanna an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 agus comhlíonann an scoil an treoir níos leithne maidir le dualgas cúraim a leagtar amach i gciorcláin ghrinnfhiosrúcháin agus earcaíochta Garda a d'fhoilsigh ROS agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ROS.

- Maidir le faisnéis, agus, nuair is gá, treoir agus oiliúint, a sholáthar don fhoireann i ndáil le tarlú díobhála a shainaithint (mar a shainmhínítear in Acht 2015) tá an méid a leanas déanta ag an scoil-

  - Chuir sí cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne
  - Cinntíonn sí go gcuirtear cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne nua
  - Spreagann sí baill foirne chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - Spreagann sí baill an Bhoird Bainistíochta chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - Coinníonn an Bord Bainistíochta taifid ar gach oiliúint ar bhaill foirne agus ar bhaill den Bhord
- Maidir le Tusla i ndáil le hábhair imní um chosaint leanaí a thuairisciú, ceanglaítear ar gach duine den phearsanra scoile na nósanna imeachta atá leagtha amach sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás múinteoirí cláraithe, iad siúd atá sainordaithe chun tuairisciú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- Sa scoil seo tá teagmhálaí ainmnithe ceaptha ag an mBord mar an “duine ábhartha” (mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite Leanaí 2015) mar an gcéad phointe teagmhála maidir le ráiteas cosanta leanaí na scoile.

- Is daoine sainordaithe iad na múinteoirí cláraithe ar fad atá fostaithe ag an scoil faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 agus san Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), rinne an Bord measúnú ar aon fhéidearthacht díobhála do leanbh agus é nó í ag freastal ar an scoil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile. Tá measúnú scríofa ina leagtar amach na réimsí riosca a sainaithníodh agus nósanna imeachta na scoile chun na rioscaí sin a bhainistiú san áireamh sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

- Is féidir teacht ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas seo ar shuíomh gréasáin na scoile, ar shuíomh gréasáin gov.ie nó cuirfear ar fáil iad arna iarraidh sin ag an scoil.

**Nóta:** Níl an méid thuas beartaithe mar liosta uileghabhálach. Áireoidh na Boird Bainistíochta Aonair freisin sa chuid seo cibé nósanna imeachta/bearta eile atá ábhartha don scoil atá i gceist.

8 Foilsíodh an ráiteas seo ar shuíomh gréasáin na scoile www.gaelscoilriada.com agus cuireadh ar fáil é do gach ball de phearsanra na scoile, do Chumann na dTuismitheoirí agus don phátrún. Tá sé inrochtana go héasca ag tuismitheoirí agus caomhnóirí ach é a iarraidh. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fáil do Tusla agus don Roinn má iarrtar sin.

9 Déanfar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an ráiteas seo. Ghlac an Bord Bainistíochta an Ráiteas um Chumhdach Leanaí i Mí Márta 2020

Rinne an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar an 16 Deireadh Fómhair 2024

| | |
|---|---|
| Síniú: | Síniú: |
| Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta | An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta |

**Measúnú Riosca maidir le Cumhdach Leanaí**

De réir alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus de réir cheanglas Chaibidil 8 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023), seo a leanas an Measúnú Riosca Scríofa ar ***Ghaelscoil Riada***

| **Liosta de ghníomhaíochtaí na scoile** | **Léibheal riosca** | **Tá na rioscaí díobhála seo a leanas sonraithe ag an scoil i leith a cuid gníomhaíochtaí-** | **Tá na nósanna imeachta seo a leanas ar bun ag an scoil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí díobhála atá sonraithe sa mheasúnacht seo-** |
|---|---|---|---|
| Oiliúint na foirne scoile maidir le cúrsaí cosanta leanaí. | Ard | An riosca díobhála gan bheith sonraithe ag an bhfoireann scoile.<br>An riosca díobhála gan bheith tuairiscithe i gceart ag an bhfoireann scoile. | Maidir leis an scoil:<br>• Chuir sí cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball d'fhoireann na scoile<br>• Cinntíonn sí go gcuirtear cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne nua<br>• Spreagann sí baill foirne chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha<br>• Spreagann sí baill an bhoird bainistíochta leas a bhaint as oiliúint ábhartha<br>• Grinnfhiosrúchán.. |
| Cúram leanaí a bhfuil riachtanais | Ard | An riosca go ndéanfadh ball | • Polasaí, beartas agus nósanna imeachtaí i |

| | | | |
|---|---|---|---|
| speisialta oideachais acu, dlúthchúram áit is gá | | d'fhoireann na scoile/páiste eile sa scoil díobháil do pháiste sa scoil. | bhfeidhm.<br>• Tá polasaí um Riachtanas Oideachais Speisialta ag an scoil<br>• Tá beartas/plean maidir le dlúthchúram pearsanta ag an scoil maidir le daltaí a dteastaíonn cúram den sórt sin uathu |
| Úsáid leithris<br>I rith am ranga | Ard | Iompar mí-oiriúnach. | Polasaí, beartas agus nósanna imeachtaí bhfeidhm. |
| Úsáid leithris<br>I rith am sosa /lóin | | | Polasaí, beartas agus nósanna imeachtaí bhfeidhm. |
| Imeachtaí Spóirt | Ard | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do pháiste sa scoil.<br>An riosca go ndéanfadh traenálaí eachtracha díobháil do leanbh sa scoil. | • Féitheoireacht – beirt ó fhoireann na scoile le freastáil ar gach cluiche, blitz, srl. (Fón agus bosca CC a bheith acu)<br>• Grinnfhiosrúchan<br>• Múinteoir i gceannas ar an rang i gcónaí-cód iompar i bhfeidhm ag an múinteoir amhain |
| Imeachtaí taobh amuigh den scoil- Turas scoile/siúlóidí scoile/táisteail ar bhusanna/ cuairt ar an Seipéal/ Cuairt ar an gCaisleáin/Páirc Spraoi/Labharlann | Ard | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile nó duine eile díobháil do pháiste agus iad ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil / trácht | • Féitheoireacht-beirt ón bhfoireann i gcónaí<br>• Polasaí, beartas agus nósanna imeachtaí bhfeidhm.<br>• Ráiteas Sláinte agus Sábháilte<br>• Príomhoide curtha ar an eolas roimh a fhágann páistí na scoile.<br>• Cead tuismitheoirí faighte i ríomhphoist. |
| Dáileadh Cógais<br>Dáileadh Garchabhrach | Ard | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil | • Ráiteas Sláinte, Sábhailteachta |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | do pháiste sa scoil. | • Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun Garchabhair a riar<br>• An Cód Iompar |
| Snámh. | Ard | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do pháiste sa scoil.<br>An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile, ball d'fhoireann eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an phaiste ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil e.g. , ceachtanna snámha. Cluichí .. | • Féitheoireacht – beirt ón scoil i lathair, múinteoir i gceannas ar an rang i gconaí.<br>• Ráiteas Sláinte & Sábhailteachta<br>• Polasaí snámha.<br>• Polasaí, beartas agus nósanna imeachtaí bhfeidhm. |
| Lá Spóirt | Ard | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do pháiste sa scoil.<br>An riosca go ndéanfadh páiste eile díobháil pháiste sa scoil.<br>An riosca go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir díobháil do pháiste sa scoil. | • Ráiteas Sláinte & Sábhailteachta<br>• Polasaí, beartas agus nósanna imeachtaí bhfeidhm.<br>• Féitheoireacht-Múinteoir i gceanna<br>• Cód Iompar na Scoile |
| Úsáid halla na scoile ag an gColáiste nó eagraíochtaí eile le linn an lá scoile (toisc go roinntear an halla) | Ard | An riosca go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir díobháil do pháiste sa scoil. | • Féitheoireacht: páistí faoi churam an muinteoir ranga<br>• Coras cairdis i bhfeidhm. Nós go dtéann páistí ar theachtaireachtaí i mbeirteanna<br>• Cumarsáid idir an scoil agus Coláiste an Eachreidh. |
| Úsáid áiseanna lasmuigh de láthair | Ard | An riosca go ndéanfadh ball | • Féitheoireacht-. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| na scoile do ghníomhaíochtaí scoile | | d'fhoireann na scoile díobháil do pháiste sa scoil.<br>An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile, ball d'fhoireann eagraíochta eile nó duine eile díobháil do pháiste. | • Polasaí, beartas agus nósanna imeachtaí bhfeidhm.<br>• An Cód Iompar i bhfeidhm ag an Múinteoir amháin.<br>• Ráiteas Sláinte &Sábhailteachta |
| Teacht agus imeacht na ndaltaí gach lá. | Ard | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar easpa mhaoirsiú,páistí fágtha ag an ngéata gan tuismitheoirí.<br>An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile nó duine eile<br>díobháil do Phaiste. | • Tuismitheoirí i gceannas go dtí go n-osclaítear an gheata-nóta ag tús na bliana chuig tuistí<br>• Tuismitheoirí ag bailiú a bpáistí in am gach lá-nóta abhaile.<br>• Siúlann na múinteoirí amach leis an rang i líne /ag déanamh cinnte go bhfuil gach duine imithe amach ón rang agus bailithe ag tuismitheoir/caomhneoir<br>• Cead faighte i scríbhínn óna dtuismitheoirí má tá páistí ag siúl abhaile leo féin/ talamh na scoile a fhágáil leo féin<br>• Maoirseacht ar thecht agus imeacht na páistí |
| Daltaí sna ranganna idir 08:45 & 08:50 | Ard | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile/ páiste eile díobháil do pháiste | • Ráiteas Sláinte agus Sábháilte<br>• Maoirseacht: Gach páiste díreach go dtí a rang féin faoi churam an Múinteoir ranga |
| Páistí ag teacht ar scoil déanach ,ag fágáil na scoile i rith an lae scoile | Ard | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile/ páiste eile díobháil do pháiste | • Tuismitheoir le glaoch ar an oifig.<br>• Síniú isteach ag teastáil do pháistí a bhíonn déanach<br><br>• Síniú amach ag teastáil do pháiste atá ag imeacht luath ó thuismitheoir atá á mbailiú |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Maoirsiú páistí sa rang | Ard | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile/ páiste eile díobháil do pháiste | • Cód Iompar<br>• Múinteoir i gceannas. Ní bhíonn páistí fágtha sa seomra ranga leo féin<br>• Ráiteas Sláinte agus Sábháilte |
| Maoirsiú páistí ar an gclós | And | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile/ páiste eile díobháil do pháiste | • Polasaí, beartas agus nósanna i bhfeidhm.<br>• Polasaí Dualgais Clóis/Maoireseacht<br>• Bailíonn na múinteoirí ranga na páistí ón gclós nuair a bhualann an chloigín. |
| Cúram daltaí a bhfuil soghontachtaí/riachtanais shainiúla acu de nós<br>• Daltaí de bhunadh mionlach eitneach/imircigh<br>• Baill den Lucht Siúil<br>• Leanaí atá leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach<br>• Daltaí a mheastar a bheith leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach<br>• Daltaí a bhaineann le creidimh reiligiúnacha mionlaigh<br>• Leanaí i gcúram<br>• Leanaí ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí | Ard | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do pháiste sa scoil. | • Polasaí, beartas agus nósanna i bhfeidhm.<br>• Múintear an Plean scoile OSPS<br>• Féitheoireacht. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Múineadh sa seomra ranga | Meán | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do pháiste sa scoil. | • Ráiteas maidir le cumhdach leanaí<br>• Fuinneoga sna seomraí ranga.<br>• Tá cóid iompair ag an scoil do phearsanra scoile (foireann teagaisc agus neamhtheagaisc) |
| Bulaíocht a chosc agus caitheamh leis an mbulaíocht i measc na ndaltaí | Meán | An riosca go ndéanfadh páiste eile díobháil do pháiste sa scoil. | • Tá Beartas Frithbhulaíochta ag an scoil lena gcomhlíontar go hiomlán riachtanais Pholasaithe na Roinne maidir le *Nósanna Imeachta* Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna<br>• Cuireann an scoil curaclam OSPS chun feidhme go hiomlán |
| Earcú foirne scoile ar a n-áirítear –<br>• Múinteoirí/CRSanna<br>• Feighlí/Rúnaí/Glantóirí<br>• Cóitseálaithe Spóirt<br>• Teagascóirí Seachtracha /Aoi-Chainteoirí<br>• Oibrithe deonacha /Tuismitheoirí i mbun gníomhaíochtaí scoile<br>• Cuairteoirí/conraitheoirí i láthair sa scoil le linn uaireanta scoile<br>• Cuairteoirí/conraitheoirí i láthair sa scoil tar éis gníomhaíochtaí scoile<br>• Cuairteoirí/conraitheoirí | Meán | An riosca díobhála gan bheith sonraithe agus tuairiscithe ag an bhfoireann scoile. | • Tá cóip de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí tugtha do gach ball d'fhoireann na scoile<br>• Foireann na scoile le díriú isteach ar an modúl oiliúna TUSLA agus aon oiliúint eile go bhfuil ar fháil ar líne ón PDST.<br>• Grinnfhiosrúchán. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| chun tacú le spóirt agus gníomhaíochtaí Curclam agus seach-churaclaim eile | | | |
| Úsáid foirgneamh na scoile ag eagrais eile i rith am scoile: | Meán | Diobháil déanta ag duine fásta ar pháiste | • Féitheoireacht.<br>• Grinnfhiosrúchán. |
| Úsáid físeán/fótagrafaíochta/meán eile chun ócáidí scoile a thaifead | Meán | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do phaiste sa scoil. | • Polasaí ghrianghraif/teicneolaíochta agus AUP<br>• Tá beartas i bhfeidhm ag an scoil lena rialaítear úsáid fóin chliste agus gairis táibléad sa scoil ag daltaí de réir chiorclán 38/2018<br>• Nósanna i bhfeidhm: úsáidtear fearas scoile amháin |
| Úsáid na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide ag na daltaí ar scoil | Meán | An riosca go ndéanfaí díobháil do pháiste mar gheall ar bhulaíocht ar an bpáiste. | • Polasaí Teicneolaíochta agus AUP.<br>• An Bheartas Frithbhulaíochta<br>• Cód iompar na scoile<br>• Ceachtanna Webwise |
| Teagasc agus Foghlam ar líne ar bhonn cianda | Meán | • An riosca go ndéanfadh ba d'fhoireann na scoile, ball d'fhoireann eagraíochta eile nó duin eile<br>• díobháil do pháiste.<br>• Baoil GDPR<br>• An riosca go ndéanfaí díobháil do pháiste mar gheall ar bhulaíocht ar an bpáiste.<br>• Go mbeidh páistí ag baint | • Polasaí Teicneolaíochta.<br>• Tá Polasaí Úsáide Inghlactha i bhfeidhm ag an scoil, lena n-áirítear soláthar teagaisc agus foghlama ar líne ar bhonn cianda, agus tá an beartas sin curtha in iúl do thuismitheoirí<br>• An Bheartas Frithbhulaíochta<br>• Cód iompar na scoile<br>• Cead a fháil ón tuismitheoirí Teams a úsáid.<br>• Nasc laidir idir scoil agus baile.<br>• Tá beartas agus nósanna imeachta soiléire ar bun ag an scoil i leith teagasc agus |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | mí-úsáid as na seomraí 'chat'<br>• An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar easpa mhaoirseacht | foghlam ar líne<br>• Comhordanáitheoir Teicneolaíochta ar fail chun tacú le tuismitheoirí/páistí/múinteoirí<br>• Uaireanta CLASS chun maolú a dhéanamh ar an drochthionchar a bhí ag Covid-19 ar fhoghlaim agus folláine daltaí/scoláirí |
| Mic léinn atá ar thaithí oibre sa scoil ón meanscoil | Meán | An riosca go ndéanfadh mac léinn díobháil do pháiste. | • Féitheoireacht- Múinteoir ranga i gconaí i gceannas<br>• Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le mic léinn atá i mbun taithí oibre sa scoil<br>• Cód Iompar na scoile<br>• Grinnfhiosrúchán. |
| Mic léinn ( abhar oidí)atá ar thaithí oibre sa scoil ón gColáiste | Meán | An riosca go ndéanfadh mac léinn díobháil do pháiste. | • Féitheoireacht- Múinteoir ranga i gconaí i gceannas<br>• Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le socrúcháin d'ábhair mhúinteoirí<br>• Polasaíthe scoile curtha ar fáil<br>• Grinnfhiosrúchán. |
| Múineadh duine-le-duine | Meán | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do phaiste sa scoil. | • Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil le haghaidh comhairleoireachta duine le duine<br>• Cead na tuismitheoirí faighte roimh réidh<br>• Gloine sa dhoras/ doras ar oscailt |
| Soláthar curaclaim i leith OSPS, | Meán | An riosca nach múintear é. | Polasaí OSPS. |

| OCG, Bí Sábháilte | | | |
|---|---|---|---|
| Úsáid foirgneamh na scoile ag eagrais eile tar éis am scoile: | Meán | Diobháil déanta ag duine fásta a pháiste | • Árachas agus polasaí féin ag na grúpaí seo - Ráiteas maidir le cumhdach leanaí<br>• Cead Bord Bainistíochta na scoile<br>• Féitheoireacht.<br>• Grinnfhiosrúchán. |
| Ócáidí tiomsaithe airgid a mbíonn daltaí gafa leo | Íseal | An riosca go ndéanfaí díobháil do pháiste mar gheall ar bhulaíocht ar an leanbh. | Beartas Frithbhulaíochta |
| Daltaí ar theachtaireachtaí ar fud na scoile | Íseal | Diobháil déanta ag pearsanra scoile | Nós go dteann páistí ar theachtaireachtaí i mbeirteanna |
| Socrúcháin Taistil scoile | Íseal | An riosca go ndéanfadh bal d'fhoireann na scoile nó duine eile díobháil do Phaiste. | Maoirseacht |
| Fón Póca | Íseal | Ábhar mí-oiriúnach<br>bullaíocht<br>teagmháil le daoine taobh amuigh den scoil | • Polasaí fón póca<br>• Tá beartas i bhfeidhm ag an scoil lena rialaítear úsáid fóin chliste agus gairis táibléad sa scoil ag daltaí de réir chiorclán 38/2018<br>• Cód iompar na scoile |
| Bainistíocht ar iompar dúshlánach agus úsáid srianta nuair is cuí | Íseal | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do pháiste sa scoil.<br>An riosca go ndéanfaí díobháil d pháiste mar gheall ar bhulaíocht ar an leanbh. | Cód iompar na scoile |
| Cur i bhfeidhm smachtbhannaí mar chuid den Chód Iompair – | Íseal | Bulaíocht<br>Diobháil déanta ar pháiste | • Ráiteas maidir le cumhdach leanaí<br>• Polasaí frithbhulaíochta |

| | | | |
|---|---|---|---|
| coimeáid, tógaíl gutháin srl: ag an mhúinteoir/ Príomhoide | | | • Cód iompar agus rialacha scoile<br>• Nósanna, bearta agus polasaí I nhfeidhm-doras na hoifige fágtha ar oscailt má bhíonn an Priomhoide ag caint le páiste aonarach. |
| Taispeaint físeáin sa rang | Íseal | Scannáin nach bhfuil feiliúnach don aoisghrúpa | Ráiteas maidir le cumhdach leanaí<br>Nós i bhfeidhm nach gcuirtear aon fhíseán ar siúl do pháistí atá faoi aois<br>Priomhoide ar an eolas roimh físeáin a chuir ar siúl |

**Nóta Tábhachtach: Ba cheart a thabhairt faoi deara gur ionann riosca i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca seo agus an riosca "díobhála" mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus ní riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta. Tá an sainmhíniú ar dhíobháil leagtha amach i gCaibidil 4 de na Nósanna Imeachtaum Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)**

Agus é ag tabhairt faoin measúnacht riosca seo, tá gach dícheall déanta ag an mbord bainistíochta chun a shonrú sa mhéid gur féidir é na rioscaí díobhála atá ábhartha don scoil agus chun a chinntiú go mbíonn nósanna imeachta leordhóthanacha ar bun chun gach riosca atá sonraithe a bhainistiú. Cé nach féidir gach riosca díobhála a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnacht riosca seo ar bun ag an scoil chun na rioscaí a bhainistiú agus a mhaolú sa mhéid gur féidir é.

Chuir an Bord Bainistíochta an mheasúnacht riosca seo i gcrích ar 20 Deireadh Fómhair 2021.
Rinneadh athbhreithniú ar an measúnú riosca ar an 16/10/2024 mar chuid den athbhreithniú bliantúil ar Ráiteas na Scoile maidir le Cumhdach Leanaí.

Sínithe Brian Ó Maoilchiaráin Dáta 16/10/2024 -**Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta**

Sínithe Maeve Ní Fhlaithearta Dáta 16/10/24- **Príomhoide/Rúnaí ag an mBord Bainistíochta**